INJURIES RESOLUTION BOARD

BORD UM RÉITEACH DÍOBHÁLACHA PEARSANTA
*PERSONAL INJURIES RESOLUTION BOARD*

# AN BORD UM RÉITEACH DÍOBHÁLACHA FOIRM UM MEASÚNÚ LIACHTA (FOIRM B) – EOLAS DO LIACHLEACHTÓIRÍ

Comhlacht stáit neamhspleách na hÉireann is ea an Bord um Réiteach Díobhálacha a réitíonn an cúiteamh maidir le díobhála pearsanta. Is é an cuspóir atá aige ná a chinntiú go réitítear a gcúiteamh go tapa agus go cothrom leo siúd a dhéanann éilimh díobhála pearsanta i leith gortuithe a tharla i dtimpistí agus gan costais dlíthíochta nach bhfuil gá leo a bheith i gceist. Ionas gur féidir leis an mBord um Réiteach Díobhálacha éileamh a mheas, ní mór d'éilitheoirí mar chuid dá n-iarratas tuairisc leighis a chur isteach ón lia-chleachtóir atá ag cur cóir leighis orthu. Cuirtear an fhoirm seo ar fáil mar theimpléad le haghaidh dochtúirí cóireála chun tuairisc leighis a chur faoi bhráid an Bhoird um Réiteach Díobhálacha. Bainfidh baill phainéal neamhspleách lia-chleachtóirí an Bhoird um Réiteach Díobhálacha leas as freisin. Cuirfear cóipeanna de thuairiscí leighis ar aghaidh chuig an bhfreagróir/na freagróirí (an duine/na daoine a bhfuil an t-éileamh á dhéanamh ina choinne nó ina gcoinne) agus chuig a n-árachóirí nuair is eol cé hiad, ionas go mbeidh eolas acu faoi chineál agus méid an éilimh. Mar thoradh air sin níor cheart go mbeadh sa tuairisc leighis ach stair liachta a bhaineann leis an éileamh atá á dhéanamh.

Maidir le tuairiscí leighis ba cheart iad

- ✓ a bheith clóscríofa agus a chur isteach i bhformáid chaighdeánach de réir an teimpléid a ghabhann leis seo,
- ✓ a bheith chomh soiléir agus chomh hachomair agus is féidir,
- ✓ sonraí ábhartha a bheith iontu maidir le stair liachta agus timpiste an éilitheora agus a chur in iúl cé acu an bhfuil aon chomharthaí/díobháil a bhí ann cheana féin agus atá níos measa anois de thoradh na timpiste,
- ✓ tuairim/prognóis a bheith ann maidir leis an am téarnaimh dóchúil chun go réiteofar gortuithe an éilitheora (más rud é nach dócha go mbeidh téarnamh substaintiúil ag an éilitheoir, ba cheart go leagfaí amach sa tuarascáil na siomptóim iarmharacha ar dhócha go bhfulaingeoidh an t-éilitheoir agus an éifeacht a bheadh acu sin ar a stíl mhaireachtála/oibre),
- ✓ Ba cheart grianghraif ardchaighdeáin a chur san áireamh nuair is cuí nó nuair a iarrtar iad,
- ✓ agus nach mbeadh ann ach stair leighis/faisnéis a bhaineann leis an éilitheoir (agus ní stair leighis/faisnéis faoi aon tríú páirtí).

Má théann an t-éileamh ar aghaidh go céim mheasúnaithe, féadfar costas réasúnach agus riachtanach na tuairisce leighis seo a dhámhachtain ar an éilitheoir. Nuair is gá, socróidh an Bord um Réiteach Díobhálacha, go ndéanfar scrúdú leighis a bheidh cothrom le dáta ar an éilitheoir.

Éilíonn na Treoirlínte um Dhíobhálacha Pearsanta arna nglacadh ag Comhairle Bhreithiúna na hÉireann go ndéanfar breithniú ar chúrsaí áirithe agus mar sin tá réimsí breise curtha san áireamh san fhoirm agus ar cheart do chleachtóirí iad a chomhlánú. Is iad seo a leanas na réimsí sin:

- Mórdhíobháil nó díobháil is suntasaí an éilitheora
- Tionchar ar stíl mhaireachtála an éilitheora
- An tréimhse inar tharla téarnamh substaintiúil
- A mhéid a rinneadh aon riocht a bhí ann roimhe sin níos measa agus cé chomh fada a mhair aon siomptóm a bhí níos measa.

Ba cheart do liachleachtóirí aird a thabhairt ar na nithe seo a leanas freisin agus a dtuairimí agus a bprognóisí á mbreithniú acu:

i. Aois;
ii. Nádúr, déine agus fad na díobhála agus na siomptóim iarmhartacha;
iii. Cur isteach ar cháilíocht na beatha agus ar ghníomhaíochtaí fóillíochta;
iv. Tionchar ar obair;
v. Tionchar ar chúrsaí caidrimh idirphearsanta;
vi. Cibé ar iarradh cúnamh leighis agus an méid idirghabhála agus cóireála leighis a bhí ag teastáil;
vii. Bun-leochaileacht a bheith ann nó an baol go mbeadh a leithéid ann;
viii. Rath nó rath dóchúil na cóireála;
ix. Prognóis.

Tá na Treoirlínte um Dhíobhálacha Pearsanta ar fáil ar an suíomh Gréasáin seo a leanas: https://judicialcouncil.ie/assets/uploads/documents/Personal%20Injuries%20Guidelines.pdf

# **An Bord um Réiteach Díobhálacha Foirm um Mheasúnú Liachta (Foirm B)**

| | |
|---|---|
| Uimhir iarratais an Bhoird um Réiteach Díobhálacha | |
| Ainm an Dochtúra /Ainmneacha na nDochtúirí a rinne an Scrúdú | |
| Ainm an éilitheora | |
| Seoladh | |
| Inscne, | |
| Dáta breithe | |
| Slí bheatha (lena n-áirítear sonraí faoi aon athrú ó dháta na timpiste) | |
| An bhfuil an t-éilitheoir ag obair faoi láthair? | Tá ☐ Níl ☐ |
| Cé acu is ceannasaí an lámh dheas nó an lámh chlé? | An lámh dheas ☐ An lámh chlé ☐ |
| Airde | |
| Meáchan | |
| Innéacs corpmhaise (BMI) agus sonraí faoi aon athrú ó dháta na timpiste) | |
| Dáta na timpiste | |
| Dáta an scrúdaithe | |
| Iomlán an ama a chuaigh thart ó dháta na timpiste | Blianta Míonna |

| | |
|---|---|
| (ó dháta na timpiste go dáta an scrúdaithe) | |

**Cur Síos Gearr faoi Mhionsonraí na Timpiste**

| |
|---|
| |

**Sonraí an ghortaithe ba mhó/ba shuntasaí a tharla (agus a raibh baint agat leis mar dhochtúir)**

| |
|---|
| *(Inis stair an reachta díreach tar éis na timpiste agus sna laethanta ina dhiaidh sin)* |

**Sonraí maidir le gortuithe eile a tharla**

| | |
|---|---|
| *(Inis stair an reachta díreach tar éis na timpiste agus sna laethanta ina dhiaidh sin)* | |
| An dáta ar iarradh an chéad chóireáil | |
| Cé a chuir an chóireáil ar fáil? | |

| | |
|---|---|
| Ar cuireadh an t-éilitheoir go dtí an t-ospidéal? | Cuireadh ☐ Níor Cuireadh2>☐ |
| Má cuireadh, cén áit ar cuireadh é nó í? | |
| Cé chomh fada a bhí an t-éilitheoir ina (h)othar cónaitheach? | |
| Fad iomlán na neamhláithreachta ón obair | Blianta Míonna<br>Ó<br>Go |
| Má tá neamhláithreacht leanúnach ann, an de bharr na timpiste é sin? | |
| An raibh/an bhfuil tréimhse neamhláithreachta an éilitheora réasúnta? | Bhí /Tá ☐ Ní raibh/ Níl ☐ |
| Líon cuairteanna ar liachleachtóir | |
| Líon cuairteanna ar Speisialtóir/Lia Comhairleach | |
| Ainm an Speisialtóra nó an Lia Chomhairligh, más eol sin | |

## Cóireáil agus Imscrúduithe go dtí seo

| |
|---|
| *(Cineál agus ainm na n-imscrúduithe agus na dtorthaí má bhíonn siad ar fáil .i. faisnéis maidir le cógais, dáileoga agus athruithe a rinneadh orthu ó tharla an timpiste nó le sé mhí anuas m.sh.)* |

| | |
|---|---|
| Líon na seisiún fisiteiripe má bhí a leithéid ann | |
| Torthaí X-ghathanna/ÍAM (MRI)<br><br>*(déan trácht ar na torthaí le do thoil - tabhair le fios go sonrach má bhaineann na torthaí le haois, más dócha go mbeadh siomptóim ag an éilitheoir ar aon nós agus má cuireadh leis na siomptóim nó an ndearnadh níos measa iad de bharr na timpiste, an bhfillfidh an t-éilitheoir ar staid mar a bhí roimh an timpiste agus má fhillfidh cathain a tharlóidh sé sin?)* | |

**An Eagraíocht Sláinte Domhanda (WHO) Aicmiú Idirnáisiúnta Galar (ICD) (https://www.who.int/classifications/icd/en/)**

*(Ba cheart cód na mórdhíobhála nó cóid iolracha más infheidhme a chur isteach. Ba cheart go mbeadh an códú ar fad san fhormáid chéanna leis an sampla seo a leanas; S 1 3 . 4 - leonadh agus brú ar dhromlach an mhuiníl)*

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |

**Stair Leighis Ábhartha (lena n-áirítear tionóiscí roimhe sin agus ina dhiaidh sin agus soiléiriú ar aon tionchar ag gortuithe ar a chéile)**

| | |
|---|---|
| An bhfuil aon Stair ábhartha ann? | Tá ☐ Níl ☐ |
| An ndeachaigh riocht a bhí ann cheana féin chun donais? | Tá ☐ Níl ☐ |
| Má chuaigh, tabhair cuntas ar an riocht a bhí ann cheana féin | |
| Tabhair sonraí faoi stair timpistí roimhe seo (nó ina dhiaidh sin), má bhí a leithéid ann | |
| An raibh an riocht a bhí ann cheana gníomhach/siomptómach roimh an timpiste? | |

**Cuir na hÁbhair Ghearáin i láthair lena n-áirítear thionchair ar stíl mhaireachtála nó ar ghníomhaíochtaí áineasa agus pearsanta baile:**

| | |
|---|---|
| | |
| Tionchar ar fhostaíocht | |
| Cur isteach ar cháilíocht na beatha agus ar ghníomhaíochtaí fóillíochta | |
| Tionchar ar chaidrimh phearsanta | |
| Scála Analógach Amhairc (VAS) maidir le leibhéal péine | |

**Torthaí Cliniciúla nuair a Rinneadh Scrúdú**

*(CUIR **GHRIANGHRAIF** DE CHOILM A BHAINEANN LEIS AN TIMPISTE MÁS ÁBHARTHA)*

*(Raon gluaiseachta nó raon gluaisechtaí*

**Cur síos Cliniciúil ar éifeachtaí Breoiteachta/Timpiste/Míchumasaithe is an Éilitheora – ba chóir go léireodh cleachtóirí an méid, más ann dó, a bhfuil tionchar ag riocht an éilitheora ar a c(h)umas maidir leis na nithe seo a leanas faoi láthair;**

| | Normálach | Mionatrú | Measartha | Tromchúiseach | Dian |
|---|---|---|---|---|---|
| Meabhairshláinte | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |
| Cumas foghlama nó Éirim aigne | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |
| Feasacht/Taom | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |
| Cothrom nó Comhordú coirp | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |
| Radharc | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |
| Éisteacht | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |
| Caint | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |
| Coinneálacht | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Síneadh amach | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |
| Deaslámhacht | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |
| Iompar/Ardú | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |
| Lúbadh nó cromadh síos | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |
| Fadhbanna Suí | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |
| Fadhbanna Seasaimh | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |
| Fadhbanna Staighre | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |
| Fadhbanna Siúil | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ | ☐ |

## Tuairim/Tuairimí Ginearálta agus an Phrognóis is Déanaí

| | |
|---|---|
| Cuir in iúl a mhéid a bhraitheann tú gur tharla siomptóim/míchumas uile an éilitheora de bharr na timpiste nó na himeachta is ábhar don éileamh seo; bunaithe ar mheasúnú ar an díobháil faoi mar an t-éilitheoir gurb í an timpiste nó na himeachta is cúis leis nó leo (cuir tic i mbosca amháin)<br><br>1. ☐ Gan aon cheann de na siomptóim nó den mhíchumas<br><br>2. ☐ Roinnt bheag (≤ 25%) de na siomptóim nó den mhíchumas<br><br>3. ☐ Roinnt mheasartha (50%) de na siomptóim nó den mhíchumas<br><br>4. ☐ An chuid is mó (≥ 75%) de na siomptóim nó den mhíchumas<br><br>5. ☐ Na siomptóim nó an míchumas go léir<br><br>Déan trácht níos faide le do thoil - | |
| An gá imscrúduithe breise a dhéanamh ar aon cheann de na gortuithe a tharla sa timpiste | Is gá ☐ Ní gá ☐ |
| *Sonraí imscrúduithe breise a bhí riachtanach?* | |
| *An raibh an idirghabháil leighis agus an chóireáil a fuarthas ag teacht leis na gortuithe?* | Is gá ☐<br>Ní gá ☐ |
| *Déan trácht breise mura raibh an idirghabháil leighis agus an chóireáil a fuarthas ag teacht leis na gortuithe a fulaingíodh.* | |
| *Má bhí riocht cheana féin ar an éilitheoir agus go bhfuil sé níos measa de thoradh an ghortaithe, sonraigh le do thoil an méad ar cuireadh leis an ngortú a bhí ann cheana féin agus an fad a mhair na síomptóim méadaithe.* | |
| *Cad é do mheas faoin tréimhse ama iomlán bhí ann ó dháta na timpiste go dtí gur tharla téarnamh suntasach* | Blianta<br>Míonna |

| | |
|---|---|
| *Murar tharla téarnamh substaintiúil go dtí seo inis cad é an tréimhse ama dar leat a a thógfaidh sé ó dháta na timpiste go téarnamh substaintiúil* | Blianta<br>Míonna |
| An meastar go rachaidh cúrsaí chun donais tar éis tamaill? | Is gá ☐<br>Ní gá ☐ |
| Mura bhfuiltear ag súil le téarnamh substaintiúil, sonraigh le do thoil **an prognóis a bhfuiltear ag súil leis**, lena n-áirítear na héifeachtaí dóchúla ar stíl mhaireachtála/obair | |
| An moltar tuarascálacha breise Speisialtóra a fháil? | Is gá ☐<br>Ní gá ☐ |
| Má mholtar tuarascálacha Speisialtóra breise sonraigh le do thoil an speisialtacht atá i gceist. | |

## An Chóireáil a Mheastar a bheidh ag Teastáil sa Todhchaí

| |
|---|
| *(Cuir san áireamh neaschostais chóireála amach anseo más infheidhme)* |

## Achoimre/Eolas Breise

| |
|---|
| |

## Arna Chríochnú Ag

*(Tá sé de dhualgas ar an saineolaí atá ag comhlánú an chuntais cúnamh a thabhairt maidir le hábhair laistigh dá réimse saineolais. Sáraíonn an dualgas seo aon oibleagáid atá ar aon pháirtí a íocann táille an tsaineolaí).*

| | |
|---|---|
| Ainm | |
| Síniú | |
| Seoladh: | |

| | |
|---|---|
| Cáilíochtaí: | |
| Uimhir Chláraithe Chomhairle na nDochtúirí Leighis | |
| Dáta Críochnaithe an Chuntais: | |

**Ná Comhlánaigh an Chuid seo, murar Fhulaing an tÉilitheoir Pian Muinéil nó Neamhord a Bhaineann le Fuiplasc (WAD)**

| |
|---|
| *(Torthaí mar a bhí ag am an scrúdaithe)*<br><br>Measúnú ar raon gluaiste an mhuiníl – Normálta ☐ Mínormálta ☐ |
| Láimhsiú chun soghortaitheacht bhuan a aimsiú - Bhí sí ann ☐ Ní raibh sí ann ☐ |
| Comharthaí néareolaíocha – Bhí siad le sonrú☐ Ní raibh siad le sonrú☐ |
| Nuair a bheidh an Measúnú déanta, ba cheart éilitheoirí a rangú de réir Aicmiú Grád Thascfhórsa Québec (QTF).<br><br>Léirigh an Grád um Neamhord Gaolmhar Fuiplaisce (WAD).<br><br>WAD 0 ☐ (Níor thugadh aon phian muineál, righne ná aon chomharthaí fisiceacha faoi deara)<br><br>WAD I ☐ (Gearáin maidir le pian muiníl, nó righne ach gan aon chomharthaí fisiceacha a bheith le sonrú)<br><br>WAD II ☐ (Gearáin faoin mhuineál & raon laghdaithe gluaiseachta & soghortaitheacht áitiúil sa mhuineál)<br><br>WAD III ☐ (Gearáin faoin mhuineál & comharthaí néareolaíocha)<br><br>WAD IV ☐ (Gearáin faoin mhuineál & briseadh, díláithriú nó gortú chorda an dromlaigh) |

Má tháinig athrú ar Ghrád WAD an éilitheora le linn téarnaimh, déan trácht ar na hathruithe sin:

Leibhéal san Innéacs Míchumais Muiníl (NDI) = ___%

Tá na ceistneoirí faoi Innéacs Míchumais Muiníl (NDI) agus Scála Analógach Amhairc (VAS) (atá ag deireadh an teimpléid faoi iamh) le comhlánú ag éilitheoirí.

Déanann lia-chleachtóirí an leibhéal NDI a ríomh - tá 10 gcuid faoi leith ann agus marc uasta 5 i ngach ceann acu. Tá 6 ráiteas i ngach cuid. Roghnaítear an ráiteas faoi leith is oiriúnaí de na 6 rogha do gach ceann. Marcáiltear na roghanna in ord ardaitheach ó 0 – 5 .i. má mharcáiltear an chéad ráiteas i roinn bíonn an leibhéal don chuid sin = 0, má bhíonn an ráiteas deiridh marcáilte bíonn an leibhéal don chuid sin = 5. Sampla: Más é 16 an scór iomlán do gach ceann (de scór féideartha 50 do na deich gcuid) – 16/50 x 100 = (NDI) 32%. Mura dtugtar ráiteas faoi chuid amháin nó níos mó nó mura mbaineann freagra le hábhar ríomhtar an scór ar bhonn leibhéal na gcodanna a freagraíodh m.sh. scór 16 (den scór iomlán 45 don deich gcuid nuair nár freagraíodh ach 9 gcuid) - 16/45 X 100 = (NDI) 35.5%.

**Innéacs Míchumais Muineál (NDI)** *(le comhlánú ag an éilitheoir i gcás gortú nó pian mhuiníl)*

| | |
|---|---|
| Ainm an éilitheora | |
| Tagairt an Bhoird um Réiteach Díobhálacha | |
| Dáta ar críochnaíodh é | |

Dearadh an ceistneoir seo chun faisnéis a sholáthar maidir leis an gcaoi a ndeachaigh pian do mhuiníl i bhfeidhm ar do chumas déileáil le do shaol laethúil. **Ná marcáil ach bosca amháin (1-10) a bhaineann leatsa i ngach cuid.** Tuigeann muid go mb'fhéidir go gceapfá go mbaineann dhá ráiteas nó níos mó in aon chuid ar leith leatsa, ach marcáil an bosca i ngach cuid is mó a chuireann síos ar d'fhadhb.

**Roinn 1: Déine Péine**

☐ Níl aon phian orm faoi láthair
☐ Tá an phian an-éadrom faoi láthair
☐ Tá an phian measartha faoi láthair
☐ Tá an phian sách dian faoi láthair
☐ Tá an phian an-dian faoi láthair
☐ Is í an phian an ceann is measa ar féidir a shamhlú faoi láthair

**Roinn 2: Cúram Pearsanta (níochán, gléasadh, srl.)**

☐ Is féidir liom aire a thabhairt dom féin go hiondúil gan pian breise a fhulaingt
☐ Is féidir liom aire a thabhairt dom féin de ghnáth ach cruthaíonn sé pian bhreise
☐ Tá sé pianmhar aire a thabhairt dom féin agus bím mall cúramach
☐ Teastaíonn cúnamh uaim ach is féidir liom an chuid is mó de mo chúramí pearsanta a dhéanamh
☐ Teastaíonn cabhair uaim gach lá maidir le formhór na ngnéithe a bhaineann le féinchúram
☐ Ní ghléasaim mé féin, téann sé deacair orm mé féin a ní agus fanaim sa leaba

**Roinn 3: Rudaí a Ardú**

☐ Is féidir liom meáchain throma a ardú gan pian bhreise
☐ Is féidir liom meáchain throma a ardú ach cruthaíonn sé pian bhreise
☐ Cuireann pian cosc orm meáchain throma a ardú den urlár, ach is féidir liom déileáil leo má bhíonn siad suite go háisiúil, mar shampla ar bhord
☐ Cuireann pian cosc orm meáchain throma a ardú ach is féidir liom meáchain éadroma nó meán-mheáchain a láimhseáil má bhíonn siad suite go háisiúil
☐ Ní féidir liom ach meáchain an-éadroma a ardú
☐ Ní féidir liom dada a ardú ná a iompar

**Roinn 4: Léamh**

☐ Is féidir liom an oiread agus is mian liom a léamh gan aon phian i mo mhuineál
☐ Is féidir liom an oiread agus is mian liom a léamh is gan ach pian éadrom i mo mhuineál
☐ Is féidir liom an oiread agus is mian liom a léamh is gan ach pian mheasartha i mo mhuineál
☐ Ní féidir liom oiread agus is mian liom a léamh mar gheall ar phian measartha i mo mhuineál
☐ Is ar éigean atá mé in ann léamh ar chor ar bith mar gheall ar phian an dian i mo mhuineál
☐ Ní féidir liom léamh ar chor ar bith

**Roinn 5: Tinnis Chinn**

☐ Níl aon tinneas cinn orm
☐ Bíonn tinnis chinn éadroma orm, rud a tharlaíonn go hannamh
☐ Bíonn tinnis chinn measartha orm, rud nach dtarlaíonn go minic
☐ Bíonn tinnis chinn mheasartha orm, a thagann go minic
☐ Bíonn drochthinnis chinn orm, a thagann go minic
☐ Bíonn tinneas cinn orm an t-am ar fad beagnach

**Roinn 6: Aire a Dhíriú ar Rudaí**

☐ Is féidir liom díriú go hiomlán gan deacracht ar bith nuair is mian liom
☐ Is féidir liom díriú go hiomlán nuair is mian liom agus is beag deacracht a bhíonn agam
☐ Bíonn deacracht mheasartha mhór agam díriú nuair is mian liom
☐ Bíonn a lán deacrachtaí agam díriú ar rudaí nuair is mian liom
☐ Bíonn an-deacracht agam díriú ar rudaí nuair is mian liom
☐ Ní féidir liom díriú ar chor ar bith

**Roinn 7: Obair**

☐ Is féidir liom an oiread oibre a dhéanamh agus is mian liom
☐ Is féidir liom ach mo ghnáthobair a dhéanamh, ach sin an méid
☐ Is féidir liom an chuid is mó de mo ghnáthobair a dhéanamh, ach sin an méid
☐ Ní féidir liom mo ghnáthobair a dhéanamh
☐ Is ar éigean a thig liom obair ar bith a dhéanamh
☐ Ní féidir liom aon obair a dhéanamh

**Roinn 8: Tiomáint**

☐ Is féidir liom mo charr a thiomáint gan aon phian mhuiníl
☐ Is féidir liom mo charr a thiomáint chomh fada agus is mian liom is gan ach pian bheag i mo mhuineál
☐ Is féidir liom mo charr a thiomáint chomh fada agus is mian liom is gan ach pian mheasartha i mo mhuineál
☐ Ní féidir liom mo charr a thiomáint chomh fada agus ba mhaith liom mar gheall ar phian measartha i mo mhuineál
☐ Is ar éigean a thig liom tiomáint mar gheall ar an-phian i mo mhuineál
☐ Ní féidir liom mo charr a thiomáint ar chor ar bith

**Roinn 9: Codladh**

☐ Níl aon deacracht chodlata agam
☐ Bíonn mo chodladh beagán suaite (níos lú ná 1 uair an chloig gan chodladh)
☐ Bíonn mo chodladh roinnt suaite (1-2 uair an chloig gan chodladh)
☐ Bíonn mo chodladh measartha suaite (2-3 uair an chloig gan chodladh)
☐ Bíonn mo chodladh suaite go mór (3-5 uair an chloig gan aon chodladh)
☐ Tá mo chodladh suaite go hiomlán (5-7 uair an chloig gan aon chodladh)

**Roinn 10: Caitheamh Aimsire**

☐ Bím in ann gabháil do mo ghníomhaíochtaí caithimh aimsire go léir gan aon phian muiníl
☐ Bím in ann gabháil do mo ghníomhaíochtaí caithimh aimsire go léir, agus roinnt roinnt péine i mo mhuineál


☐ Bím in ann dul i mbun an chuid is mó de mo ghnáth-ghníomhaíochtaí caitheamh aimsire ach ní iontu go léir mar gheall ar phian i mo mhuineál
☐ Bím in ann gabháil do roinnt de mo ghnáth-ghníomhaíochtaí caitheamh aimsire mar gheall ar phian i mo mhuineál
☐ Is ar éigean ar féidir liom aon ghníomhaíochtaí caitheamh aimsire a dhéanamh mar gheall ar an bpian i mo mhuineál
☐ Ní féidir liom aon ghníomhaíochtaí caitheamh aimsire a dhéanamh ar chor ar bith

Síniú an éilitheora: ___________________________________ Dáta:

**Scála Analógach Amhairc (VAS) le haghaidh pian** *(le comhlánú ag an éilitheoir)*

| | |
|---|---|
| Ainm an éilitheora | |
| Tagairt an Bhoird um Réiteach Díobhálacha | |
| Dáta measúnaithe | |

Is éard atá sa VAS le haghaidh pian ná líne 10cm ina bhfuil dhá chríochphointe a léiríonn 'gan phian' agus 'pian chomh dona agus a d'fhéadfadh sí a bheith'. Iarrtar ar éilitheoirí a bpian a rátáil trí mharc a chur ar an líne a fhreagraíonn dá leibhéal reatha péine. Is féidir an fad ar feadh na líne ón marcóir 'gan phian' a thomhas ansin agus leibhéal péine a thabhairt as 10.




Síniú an éilitheora: ___________________________________ Dáta: